Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Aibreán 2020
(OR. en)

7154/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0054(COD)**

**FSTR 18
REGIO 41
FC 20
SOC 186
PECHE 84
CADREFIN 54
CODEC 235
AGRISTR 19**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Aibreán 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 138 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 maidir le bearta sonracha lena soláthraítear solúbthacht eisceachtúil chun leas a bhaint as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa mar fhreagairt ar ráig COVID-19 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 138 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 138 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.4.2020
COM(2020) 138 final

2020/0054 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 maidir le bearta sonracha lena soláthraítear solúbthacht eisceachtúil chun leas a bhaint as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa mar fhreagairt ar ráig COVID-19**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá iarmhairtí díreacha nó indíreacha ráig COVID-19 fós ag méadú sna Ballstáit uile. Níor tharla a leithéid riamh roimhe agus tá bearta eisceachtúla ag teastáil a chuirfear in oiriúint don staid seo agus a bheidh le cur i bhfeidhm sna himthosca sin.

Sa chéad phacáiste de bhearta a mhol an Coimisiún an 13 Márta 2020, tugadh isteach roinnt athruithe tábhachtacha lena bhféadfaí freagairt don staid reatha ar bhealach níos éifeachtaí. Idir an dá linn, tá an tionchar ar ár ngeilleagair agus ár sochaithe ag éirí níos tromchúisí. Is gá, dá bhrí sin - mar chuid den dara sraith beart - dul thar a bhfuil indéanta faoi láthair agus solúbthacht bhreise eisceachtúil a sholáthar chun freagairt don staid reatha nach bhfacthas a leithéid cheana, rud ba chúis leis an gclásal ginearálta éalaithe faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú.

Chun a áirithiú go bhféadfar an tacaíocht iomlán ó na Cistí a shlógadh chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 ar na geilleagair agus na sochaithe 's againne, is gá, mar bheart sealadach eisceachtúil, agus gan dochar do na rialacha ar cheart feidhm a bheith acu de ghnáth, foráil a dhéanamh go bhféadfaí cómhaoiniú 100% ó bhuiséad an Aontais a chur ar fáil ar bhonn sealadach chun cláir an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme, agus maidir le deiseanna aistrithe breise idir Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ('CFRE'), Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), agus an Ciste Comhtháthaithe, agus idir catagóirí réigiún. Ina theannta sin, moltar go ndéanfar na Ballstáit a dhíolmhú ón ngá ceanglais a bhaineann leis an díriú téamach a chomhlíonadh, ionas go bhféadfar acmhainní a atreorú chuig na háiteanna is mó atá thíos leis an ngéarchéim atá ann faoi láthair. Leis an maolú seo, féadfar acmhainní uile CFRE, an Chiste Comhtháthaithe agus CSE a shlógadh chun na dúshláin nach bhfacthas a leithéid cheana atá os comhair na mBallstát a bhaineann le ráig COVID-19 a shárú. Beidh na Ballstáit agus na réigiúin in ann níos mó acmhainní a shlógadh chun scéimeanna oibre gearr-ama a mhéadú nó síneadh a chur leo, chun tacú le caipiteal oibre FBManna agus caiteachas láithreach in earnáil an chúraim sláinte.

Thairis sin, chun an t-ualach riaracháin, nach bhfuil gá leis faoi láthair, ar riaracháin phoiblí náisiúnta agus ar riaracháin phoiblí Eorpacha a eascraíonn ó mhodhnú na gclár, a dhíothú, is gá freisin staonadh ó Chomhaontuithe Comhpháirtíochta a leasú agus an spriocdháta le haghaidh tíolacadh tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme in 2020 a chur siar, chomh maith leis an spriocdháta le haghaidh tuarascálacha ón gCoimisiún atá bunaithe orthu sin. Thairis sin, déanfar ceanglais áirithe maidir le nósanna imeachta a bhaineann le hiniúchtaí nó ionstraimí airgeadais a shimpliú. I bhfianaise na dteorainneacha atá ann faoi láthair maidir le hobair iniúchóireachta riachtanach a dhéanamh, i gcás CFRE, CSE, CEMI agus an Chiste Chomhtháthaithe, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le méadú ar an bhféidearthacht úsáid a bhaint as modh samplála neamhstaidrimh. Chun a chumasú go mbeifear in ann athchoigeartuithe tapa a dhéanamh ar ionstraimí airgeadais le haghaidh freagairt éifeachtach a thabhairt ar ráig COVID-19, níor cheart go mbeadh gá athbhreithniú nó nuashonrú a dhéanamh ar an measúnú *ex-ante* nó doiciméid tacaíochta ina dtaispeánfar gur úsáideadh an tacaíocht a cuireadh ar fáil chun na críche a ceapadh di. Chomh maith leis sin, ba cheart na deiseanna maidir le tacú le caipiteal oibre trí ionstraimí airgeadais a thabhairt do CETFT freisin.

Ar deireadh, moltar go dtabharfaí cead tacaíocht ó CFRE a sholáthar do ghnóthais a bhfuil deacrachtaí acu de bharr na n-imthosca sonracha sin, agus, go n-áiritheofaí, ar an gcaoi sin, comhsheasmhacht leis an gcur chuige a glacadh faoin gCreat Sealadach um Bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar le linn ráig reatha COVID-19 agus comhsheasmhacht le rialacha maidir le cabhair *de minimis* a dheonú.

Is dócha go mbeidh tionchair thromchúiseacha ag ráig COVID-19 ar chur chun feidhme oibríochtaí leanúnacha. Féadfaidh údaráis náisiúnta, dá bhrí sin, machnamh a dhéanamh ar oibríochtaí a athrú (e.g. táirgí insoláthartha, an teorainn ama dá bhfeidhmiú etc.) i gcomhréir lena rialacha náisiúnta i gcás ina bhfuil gá agus údar leis, chun tionchar ráig COVID-19 ar na cláir a íoslaghdú. D'fhéadfadh údaráis náisiúnta machnamh a dhéanamh freisin ar oibríochtaí nua a roghnú nó ar ghlaonna ar thograí nua nó tograí breise a sheoladh, más gá.

D'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina gcáilíonn na himthosca a eascraíonn ó COVID-19 mar theagmhas *force majeure* faoin dlí náisiúnta agus, dá bhrí sin, bheadh údar bailí nach mbeifí in ann oibleagáid a chomhlíonadh. Measann an Coimisiún gur cheart an tsolúbthacht is gá a úsáid i gcás nach ndéanann tairbhithe oibleagáidí a chomhlíonadh go tráthúil ar chúiseanna a bhaineann le ráig COVID-19 (más rud é nach bhfuil foireann ar fáil, mar shampla). Ar an gcuma chéanna, léireoidh an Coimisiún an tsolúbthacht chéanna agus iad ag cinntiú go bhfuil na Ballstáit ag comhlíonadh a n-oibleagáidí. Chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit agus na réigiúin in ann úsáid iomlán a bhaint as tacú ó na Cistí, ba cheart go dtabharfaí cead coigeartuithe teoranta a dhéanamh ar uasmhéid na ranníocaíochta ó na Cistí le haghaidh gach tosaíocht agus catagóir réigiún nuair a bheidh méid an iarmhéid deiridh atá le híoc leis na cláir oibríochtúla á shuíomh.

Tá na bearta seo comhlántach agus sa bhreis ar na modhnuithe reachtacha a moladh an 13 Márta 2020. Eascraíonn siad ó dhlúthchomhar leis na Ballstáit tríd an Tascfhórsa um Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas, lena tugadh aghaidh ar níos mó ná 200 ceist cheana féin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra i gcomhréir leis an gcreat foriomlán dlíthiúil a bunaíodh le haghaidh chistí Chistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) agus níl de raon ag an togra ach leasú spriocdhírithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013. Comhlánaíonn an togra seo togra COM(2020) 113 ón gCoimisiún an 13 Márta 2020 maidir le bearta sonracha chun infheistíochtaí a shlógadh i gcórais cúraim sláinte na mBallstát agus in earnálacha eile dá ngeilleagair mar fhreagairt ar ráig COVID-19 (Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas) chomh maith le bearta eile arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar an staid reatha nach bhfacthas a leithéid cheana.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Níl i gceist leis an togra ach leasuithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh, 1301/2013 agus tá sé comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagail 177, 178 agus 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Déantar foráil ann maidir le deiseanna ráta cómhaoinithe 100 % agus solúbthacht airgeadais a sholáthar faoi Sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post idir CFRE agus CSE, an Ciste Comhtháthaithe, agus idir catagóirí réigiún. Tugtar soiléiriú ann maidir le hincháilitheacht caiteachais a ndéanann na bearta a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt don ghéarchéim sláinte poiblí difear dóibh. Maolaítear leis, ar deireadh, ceanglais áirithe ar na Ballstáit i gcás ina gcruthaítear ualaí riaracháin a d'fhéadfadh moill a chur ar chur chun feidhme na mbeart maidir le freagairt do ráig COVID-19. Beidh na hathruithe eisceachtúla seo gan dochar do na rialacha ar cheart feidhm a bheith acu de ghnáth.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Is é is aidhm leis an togra go gceadófar maoluithe ó theorainneacha áirithe de bhun fhorálacha an Aontais is infheidhme faoi láthair chun an tsolúbthacht is leithne is féidir a cheadú chun acmhainní infheistíochta atá aon cheana a shlógadh ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí díreacha agus indíreacha a eascraíonn ón ngéarchéim sláinte poiblí nach bhfacthas a leithéid cheana i gcomhthéacs ráig COVID-19.

- **Comhréireacht**

Is é atá sa togra seo athrú teoranta agus spriocdhírithe nach dtéann thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir maidir le solúbthacht bhreise agus deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar a ghnóthú chun infheistíochtaí a shlógadh mar fhreagairt ar na géarchéimeanna sláinte poiblí forleathana atá ag déanamh difear d'acmhainneacht fáis réigiún agus fiontar agus d'fholláine an phobail i gcoitinne.

- **An rogha ionstraime**

Is Rialachán an ionstraim iomchuí chun an tsolúbthacht bhreise is gá a thabhairt isteach chun dul i ngleic leis na himthosca seo nach bhfacthas a leithéid cheana.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní raibh aon chomhairliúchán ann le páirtithe leasmhara seachtracha. Mar sin féin, tá an togra seo ag teacht as dianchomhairliúchán leis na Ballstáit agus Parlaimint na hEorpa le cúpla seachtain anuas, agus cuirtear san áireamh níos mó ná 200 soiléiriú agus ceist a fuarthas ó na húdaráis náisiúnta maidir leis an gcaoi atá bearta freagartha ar ghéarchéimeanna á láimhseáil acu tríd an Tascfhórsa um Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

Rinneadh measúnú tionchair chun na tograí reachtacha a ullmhú le haghaidh Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013. Ní theastaíonn measúnú tionchair ar leithligh i gcás na n-athruithe teoranta agus spriocdhírithe seo.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Chun an modhnú atá beartaithe a dhéanamh, ní gá aon athrú a dhéanamh ar uasteorainneacha bliantúla an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil d'oibleagáidí agus íocaíochtaí de réir mar a leagtar síos iad in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1311/2013. Ní gá aon athrú a dhéanamh ar mhiondealú bliantúil na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas faoi Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Éascóidh an togra cur chun feidhme níos tapa an chláir, a mbeidh tús-ualú na leithreasuithe íocaíochta mar thoradh air.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán cúramach ar thionchar an mhodhnaithe atá beartaithe ar leithreasuithe íocaíochta in 2020, agus cur chur chun feidhme an bhuiséid agus réamhaisnéisí atá leasaithe ag na Ballstáit araon á gcur san áireamh.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán agus tuairisciú ar chur chun feidhme na mbeart faoi chuimsiú na sásraí tuairiscithe ginearálta a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá sé beartaithe leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 (Rialachán na bhForálacha Coiteanna) chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit in ann leasuithe ar chláir oibríochta a iarraidh ionas go mbeidh feidhm ag ráta cómhaoinithe 100 % ón Aontais maidir leis an gclár oibríochta ábhartha don bhliain chuntasaíochta 2020-2021 (Airteagal 25a(1)). Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an mbeart agus féadfaidh sé síneadh ar an mbeart a mholadh ar an mbonn sin.

Ina theannta sin, maidir le leasuithe ar chláir oibríochta tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh sé indéanta leithreasuithe don bhliain 2020 a aistriú go neamhtheoranta idir CFRE agus CSE agus Sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post freisin (Airteagal 25a(2)). Níor cheart go ndéanfaidh na haistrithe sin difear d'acmhainní faoi chomhar críochach na hEorpa, do leaithdháiltí breise do na réigiúin is forimeallaí nó do Thionscnamh Fostaíochta don Aos Óg nó do Chiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí.

Chun freastal ar riachtanais na mBallstát dul i ngleic leis na dúshláin shonracha atá ann faoi láthair, ba cheart go mbeadh na Ballstát in ann aistriú óna leithdháiltí don bhliain 2020 idir catagóirí réigiún a iarraidh. Chun a áirithiú go leanfar de bheith ag díriú ar réigiúin bheagfhorbartha, ba cheart do na Ballstáit aon deiseanna atá ann cistiú a aistriú a scrúdú ar dtús sula ndéantar scrúdú ar bith maidir le haistrithe ó bhuiséad na réigiún beagfhorbartha,

mar gheall ar na himpleachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag na haistrithe sin ar infheistíochtaí riachtanacha sa réigiún tionscnaimh nó ar chur i gcrích oibríochtaí a roghnaíodh roimh an iarraidh go ndéanfar aistriú (Airteagal 25a(3) agus (4)). Níor cheart go mbeadh feidhm ag na ceanglais a bhaineann leis an díriú téamach (Airteagal 25a(5)) maidir le leasuithe ar chláir oibríochta a chuirfear isteach tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Ina theannta sin, chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit in ann díriú ar na freagairtí is gá do ráig COVID-19 agus ualaí riaracháin a íoslaghdú, ba cheart ceanglais nós imeachta áirithe a bhaineann le chur chun feidhme na gclár agus le hiniúchtaí a shimpliú. Go háirithe, níor cheart Comhaontuithe Comhpháirtíochta a leasú a thuilleadh (Airteagal 25a(6)), agus ba cheart an spriocdháta le haghaidh thíolacadh na tuarascála bliantúla ar chur chun feidhme a chur siar (Airteagal 25a(8)), agus ba cheart foráil a dhéanamh go sainráite maidir le fadú a chur leis an bhféidearthacht ag na Cistí agus ag CEMI úsáid a bhaint as modh samplála neamhstaidrimh (Airteagal 25a(12)). Ina theannta sin, déantar foráil maidir le módúlachtaí sonracha chun *force majeure* a agairt i gcomhthéacs saortha (Airteagal 25a(8)).

Ceadaítear freisin caiteachas incháilithe, ar bhonn eisceachtúil, i gcomhair oibríochtaí atá tugtha chun críche nó oibríochtaí atá curtha chun feidhme go hiomlán chun acmhainneachtaí freagartha ar ghéarchéimeanna i gcomhthéacs ráig COVID-19 (Airteagal 25a(7)) a chothú. Féadfar na hoibríochtaí sin a roghnú fiú roimh an leasú ar chlár is gá a bheith formheasta ag an gCoimisiún.

Ina theannta sin, i gcás ina mbeidh gá coigeartuithe a dhéanamh ar ionstraimí airgeadais chun freagairt éifeachtach a thabhairt ar ghéarchéim sláinte poiblí, níor cheart go mbeadh gá athbhreithniú nó nuashonrú a dhéanamh ar an measúnú *ex-ante* ná ar doiciméid tacaíochta ina dtaispeánfar gur úsáideadh an tacaíocht a cuireadh ar fáil chun na gcríoch a ceapadh di. Thairis sin, ba cheart na deiseanna maidir le tacú le caipiteal oibre faoi CETFT a leathnú (Airteagal 25a(10) agus (11)).

Thairis sin, tá sé beartaithe freisin solúbthacht bhreise a cheadú tráth dúnta na gclár chun a áirithiú go n-úsáidfear na hacmhainní atá ar fáil a mhéid is mó is féidir (Airteagal 1(3)).

Ar deireadh, moltar leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 chun go dtabharfaí cead tacaíocht ó CFRE a sholáthar do ghnóthais a bhfuil deacrachtaí acu sna himthosca sonracha sin, agus, go n-áiritheofaí, ar an gcaoi sin, comhsheasmhacht leis an gcur chuige a glacadh faoin gCreat Sealadach um Bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar le linn ráig reatha COVID-19 agus comhsheasmhacht le rialacha maidir le cabhair *de minimis* a dheonú (Airteagal 2).

2020/0054 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 maidir le bearta sonracha lena soláthraítear solúbthacht eisceachtúil chun leas a bhaint as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa mar fhreagairt ar ráig COVID-19**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 177, 178 agus 322(1)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2]

Ag féachaint don tuairim ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iarmhairtí ghéarchéim ráig COVID-19 dulta i bhfeidhm ar na Ballstáit ar shlí ar leith. Tá an ghéarchéim ag cur bac ar fhás sna Ballstáit agus, mar thoradh air sin, tá an easpa leachtachta thromchúiseach ag dul in olcas, easpa arb é is cúis léi an t-ardú tobann agus suntasach atá tagtha ar na hinfheistíochtaí poiblí is gá a dhéanamh i gcórais cúraim sláinte na mBallstát agus in earnálacha eile dá ngeilleagair. Tháinig de sin staid eisceachtúil nach mór aghaidh a thabhairt uirthi le bearta sonracha.

(2) Chun freagairt a thabhairt ar thionchar na géarchéime, tá leasú déanta cheana féin ar Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 1301/2013 chun níos mó solúbthachta a thabhairt maidir le cur chun feidhme na gclár arna dtacú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (‘CFRE’), ag Ciste Sóisialta na hEorpa (‘CSE’) agus an Ciste Comhtháthaithe (na ‘Cistí’) agus ag an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI). Chun rannchuidiú le freagairt éifeachtach ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair, leathnaíodh raon feidhme na tacaíochta ó CFRE go mór.

(3) Is ag dul in olcas atá na héifeachtaí diúltacha tromchúiseacha ar gheilleagair an Aontais, áfach. Is gá, dá bhrí, solúbthacht eisceachtúil bhreise a sholáthar do na Ballstáit chun cur ar a gcumas freagairt a thabhairt ar an ngéarchéim ar leith sin trí chur leis na deiseanna atá acu slógadh a dhéanamh ar thacaíocht nár baineadh leas ó na Cistí.

(4) D'fhonn an t-ualach ar bhuiséid phoiblí atá ag tabhairt freagairt ar an ngéarchéim a mhaolú, ba cheart an deis eisceachtúil a thabhairt do na Ballstáit ráta cómhaoinithe

[1] IO C , , lch. .
[2] IO C , , lch. .

100 % a iarraidh le haghaidh cláir bheartas comhtháthaithe le cur i bhfeidhm le haghaidh na bliana cuntasaíochta 2020-2021, i gcomhréir leis na leithreasuithe buiséadacha agus faoi réir an chistithe atá ar fáil. Bunaithe ar mheasúnú ar chur i bhfeidhm an ráta cómhaoinithe eisceachtúil sin, féadfaidh an Coimisiún a mholadh go gcuirfí síneadh leis an mbeart sin.

(5) Chun solúbthacht fheabhsaithe a sholáthar do na Ballstáit le haghaidh ath-leithdháileadh acmhainní d'fhonn freagairtí saincheaptha a sholáthar don ghéarchéim sláinte poiblí, ba cheart deiseanna le haghaidh aistrithe airgeadais faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh Fáis agus Post idir CRFE, CSE agus an Ciste Comhtháthaithe a thabhairt isteach nó a fheabhsú. Thairis sin, ba cheart méadú eisceachtúil a dhéanamh ar dheiseanna aistrithe idir catagóirí réigiún a mhéadú go heisceachtúil le haghaidh na mBallstát, i bhfianaise go bhfuil tionchar forleathan ag an ngéarchéim sláinte poiblí, agus cuspóirí Comhaontaithe maidir le beartas comhtháthaithe a urramú san am céanna. Maidir le hacmhainní faoi sprioc an Chomhair chríochaigh Eorpaigh, na leithdháiltí breise ar na réigiúin is forimeallaí chomh maith le tacaíocht don Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg agus an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí, níor cheart go ndéanfadh na haistrithe sin aon difear dóibh.

(6) Chun a chur ar a gcumas do na Ballstáit acmhainní atá ar fáil a shlógadh go tapa chun freagairt a thabhairt ar ráig COVID-19 agus ag tabhairt san áireamh go bhféadfadh sé, i bhfianaise go bhfuil cur chun feidhme chlárthréimhse 2014-2020 ag teacht chun deiridh, nach mbainfeadh ath-leithdháileadh acmhainní ach leis na hacmhainní atá ar fáil le haghaidh chlársceidealú na bliana 2020, tá údar maith ann na Ballstáit a dhíolmhú ón ngá chun ceanglais maidir le comhdhlúthú téamach a chomhlíonadh go dtí deireadh na clárthréimhse.

(7) Chun cur ar a gcumas do Bhallstáit díriú ar an bhfreagairt riachtanach ar ráig COVI-19 agus chun ualaí riaracháin a laghdú, ba cheart simpliú a dhéanamh ar cheanglais nós imeachta áirithe a bhaineann le cur chun feidhme agus le hiniúchtaí. Go háirithe, níor cheart Comhaontú Comhpháirtíochta a leasú a thuilleadh go dtí deireadh na clárthréimhse chun athruithe roimhe sin i gcláir oibríochtúla a chur san áireamh nó chun aon athrú eile a thabhairt isteach. Ba cheart an spriocdháta chun na tuarascálacha chur chun feidhme bliantúla a thabhairt isteach le haghaidh na bliana 2019 a chur ar athlá, agus ba cheart tarchur na tuarascála achoimre bunaithe ar na tuarascálacha chur chun feidhme sin a chur ar athlá freisin. A mhéid a bhaineann leis na Cistí agus CEMI, ba cheart foráil a dhéanamh go sainráite maidir le deis níos mó le haghaidh údaráis iniúchta chun leas a bhaint as modh samplála neamhstaidrimh i leith na bliana cuntasaíochta 2019-2020.

(8) Ina theannta sin, is iomchuí a shonrú go gceadaítear incháilitheacht caiteachais go heisceachtúil le haghaidh oibríochtaí atá tugtha chun críche nó atá curtha chun feidhme ina n-iomláine, oibríochtaí lena gcothaítear acmhainneacht freagartha ar an ngéarchéim i gcomhthéacs ráig COVID-19. Féadfar oibríochtaí den sórt sin a roghnú fiú sula bhformheasann an Coimisiún an leasú riachtanach ar chlár. Ina theannta sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le módúlachtaí ar leith chun *force majeure* a agairt i gcomhthéacs an tsaortha.

(9) Ina theannta sin, chun laghdú a dhéanamh ar ualaí riaracháin agus ar mhoilleanna ar chur chun feidhme i gcás inar gá athruithe ar ionstraimí airgeadais chun freagairt éifeachtach a sholáthar ar ghéarchéim sláinte poiblí, níor cheart go mbeadh gá a thuilleadh leis an athbhreithniú agus uasdátú ar an measúnú *ex-ante* agus le pleananna

gnó uasdátaithe nó doiciméid choibhéiseacha mar chuid de na doiciméid tacaíochta lena léirítear gur baineadh leas as an tacaíocht a soláthraíodh chun na críche a beartaíodh dó. Thairis sin, ba cheart leathnú a dhéanamh ar na deiseanna chun tacú le caipiteal oibre trí ionstraimí airgeadais faoi CETFT.

(10) Chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit in ann lánúsáid a bhaint as tacaíocht ó na Cistí nó ó CEMI, ba cheart solúbthacht bhreise a sholáthar chun íocaíocht an iarmhéid deiridh a ríomh ag deireadh na clárthréimhse.

(11) Chun na haistrithe a údaraítear faoin Rialachán sin a éascú, níor cheart feidhm a bheith ag an gcoinníoll i leith aistrithe a mholtar faoin Rialachán sin agus a leagtar síos in Airteagal 30(1)(f) den Rialachán Airgeadais maidir le leithreasuithe a úsáid chun na críche céanna.

(12) Chun comhsheasmhacht a áirithiú idir an cur chuige a ghlactar faoi Chreat Sealadach an Choimisiúin maidir le bearta státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar le linn ráig COVID-19 atá ann faoi láthair agus cabhair *de minimis* ar thaobh amháin agus coinníollacha chun tacaíocht a sholáthar do ghnóthais atá i gcruachás faoi CFRE ar thaobh eile, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 a leasú chun gur féidir tacaíocht a dheonú do na gnóthais sin sna cúinsí sonracha sin.

(13) Cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon freagairt a thabhairt ar thionchar na géarchéime sláinte poiblí trí bhearta solúbthachta a thabhairt isteach sa réimse a bhaineann le tacaíocht a sholáthar ó Chistí SIE, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit, ag feidhmiú ina n-aonar, iad a bhaint amach go leordhóthanach agus, dá bhrí sin, de bharr fhairsinge agus iarmhairtí na gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(14) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 a leasú dá réir sin.

(15) I bhfianaise na práinne atá leis an staid a bhaineann le ráig COVID-19, is iomchuí go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

(16) I bhfianaise ráig COVID-19 agus na práinne atá le haghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim sláinte poiblí a bhaineann leis, measadh gurbh iomchuí leas a bhaint as an eisceacht ar an tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 mar a leanas:

(1) cuirtear an Chaibidil nua seo a leanas le Teideal II de Chuid a Dó:

“CAIBIDIL V

**Bearta eisceachtúla le haghaidh Cistí SIE a úsáid mar fhreagairt ar ráig COVID-19**”;

*“Airteagal [25a]*

***Bearta eisceachtúla le haghaidh Cistí SIE a úsáid mar fhreagairt ar ráig COVID-19***

1. De mhaolú ar Airteagal 60(1) agus ar an gcéad fhomhír agus ar an gceathrú fomhír d’Airteagal 120(3), arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfar ráta cómhaoinithe 100 % a chur i bhfeidhm ar chaiteachas a dhearbhófar in iarratais ar íocaíocht le linn na bliana cuntasaíochta ón 1 Iúil 2020 agus go dtí an 30 Meitheamh 2021 le haghaidh ais tosaíochta amháin nó níos mó i gclár a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, CSE nó ón gCiste Comhtháthaithe.

   Déanfar iarrataí ar mhodhnú ar an ráta cómhaoinithe trí bhíthin an nós imeachta maidir le leasú clár a leagtar amach in Airteagal 30 agus beidh na cláir leasaithe ag gabháil leo. Ní bheidh feidhm ag an ráta cómhaoinithe 100 % ach amháin má dhéanann an Coimisiún an leasú ar an gclár comhfhreagrach a fhormheas ar a dhéanaí sula gcuirfear isteach an t-iarratas críochnaitheach ar íocaíocht eatramhach i gcomhréir le hAirteagal 135(2) RFC.

   Sula gcuirfidh na Ballstáit isteach an chéad iarratas ar íocaíocht le haghaidh na bliana cuntasaíochta dar críoch an 1 Iúil 2021, déanfaidh siad an tábla dá dtagraítear in Airteagal 96(2)(d) (ii) a chur in iúl ina ndearbhófar an ráta cómhaoinithe a bhí i bhfeidhm le linn na bliana cuntasaíochta dar críoch an 30 Meitheamh 2020 maidir leis na tosaíochtaí lena mbaineann an méadú sealadach go 100 %.

2. Mar fhreagra ar ráig COVID-19, féadfar, arna iarraidh sin do na Ballstáit, na hacmhainní atá ar fáil lena gclársceidealú don bhliain 2020 le haghaidh sprioc na hInfheistíochta le haghaidh Fáis agus Post a aistriú idir CFAE, CSE agus an Ciste Comhtháthaithe, gan beann ar na céatadáin dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) d’Airteagal 92(1).

   Chun críocha na n-aistrithe sin, ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 92(4).

   Ní dhéanfaidh aistrithe difear d’acmhainní a leithdháileadh ar an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg i gcomhréir le hAirteagal 92(5) agus don chabhair do na daoine is díothaí faoi sprioc na hinfheistíochta le haghaidh fáis agus post i gcomhréir le hAirteagal 92(7).

   Déanfar acmhainní a aistreofar idir CFRE, CSE agus an Ciste Comhtháthaithe faoin mír seo a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha an Chiste a n-aistreofar acmhainní chuige.

3. De mhaolú ar Airteagal 93(1) agus sa bhreis ar an bhféidearthacht dá bhforáiltear in Airteagal 93(2), féadfar acmhainní atá ar fáil le haghaidh clársceidealú le haghaidh na bliana 2020, arna iarraidh sin do na Ballstáit, a aistriú idir catagóirí réigiún mar fhreagairt ar ráig COVID-19.

4. Tríd an nós imeachta maidir le cláir a leasú, a leagtar amach in Airteagal 30, déanfar iarrataí ar aistrithe faoi mhír 2 agus faoi mhír 3, beidh údar cuí leo agus beidh ag gabháil leo na cláir athbhreithnithe ina léireofar na méideanna a aistreofar de réir ciste agus catagóir réigiúin, i gcás inarb ábhartha.

